COMHDHÁIL
IONADAITHE
RIALTAIS
NA mBALLSTÁT

**An Bhruiséil, 20 Lúnasa 2021**
**(OR. fr)**

PUBLIC

**10731/21**

**LIMITE**

**JUR 406**
**INST 266**
**COUR 44**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT lena gceaptar beirt Abhcóidí Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais |

**CINNEADH (AE) 2021/…**
**Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT**

**an …**

**lena gceaptar beirt Abhcóidí Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais**

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 253 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagail 5 agus 7 de Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus tar éis do Gerard HOGAN éirí as oifig amhail an 6 Deireadh Fómhair 2021, ba cheart Abhcóide Ginearálta a cheapadh don Chúirt Bhreithiúnais ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige Gerard HOGAN, eadhon go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2024.

(2) Moladh go ndéanfaí Anthony COLLINS a cheapadh don phost sin.

(3) Chomh maith leis sin, rachaidh téarmaí oifige ceithre Bhreitheamh déag agus seisear Abhcóidí Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais in éag an 6 Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart, dá bhrí sin, ceapacháin a dhéanamh do na poist sin don tréimhse dar tús an 7 Deireadh Fómhair 2021 agus dar críoch an 6 Deireadh Fómhair 2027.

(4) Moladh go ndéanfaí Laila MEDINA a cheapadh sa phost mar Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais.

(5) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí sin chun feidhmeanna Abhcóide Ghinearálta den Chúirt Bhreithiúnais a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar Anthony COLLINS, leis seo, ina Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2024.

*Airteagal 2*

Ceaptar Laila MEDINA, leis seo, ina hAbhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …

*An tUachtarán*